Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**14164/21**

**COH 67**
**CADREFIN 452**
**POLGEN 188**
**ECOFIN 1118**
**ENV 916**
**TRANS 692**
**PECHE 444**
**JAI 1270**
**ENER 517**
**MI 869**
**MAR 222**
**COMPET 852**
**AGRI 567**
**SUSTDEV 164**
**RECH 526**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Samhain 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13195/21 |
| Ábhar: | Poblacht San Mairíne a áireamh i Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach (EUSAIR)<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 18 Samhain 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht San Mairíne a áireamh i Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach-Iónach (EUSAIR), arna bhformheas ag an gComhairle (Gnóthaí Ginearálta/Comhtháthú) ag an 3827ú cruinniú a bhí aici an 18 Samhain 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht San Mairíne a áireamh in EUSAIR**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(1) Á MHEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2014[1], inar formhuiníodh Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach (EUSAIR) bunaithe ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar dáta an 17 Meitheamh 2014[2];

(2) I bhFIANAISE Dhearbhú Izola an 11 Bealtaine 2021, nuair a thug an Chomhairle Aidriadach agus Iónach/Cruinniú Aireachta EUSAIR freagairt dhearfach ar an iarraidh ó Phoblacht San Mairíne go ndéanfaí di an deichiú tír rannpháirteach i Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach agus mhol sí do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus don Choimisiún Eorpach pé beart is gá a dhéanamh chun Poblacht San Mairíne a áireamh in EUSAIR;

(3) I bhFIANAISE na litreach, dar dáta an 15 Meitheamh 2021 ó na ceithre Bhallstát de chuid EUSAIR (an Chróit, an Ghréig, an Iodáil agus an tSlóivéin) chuig Uachtaránacht na Portaingéile ar Chomhairle an Aontais inar iarradh uirthi an nós imeachta sa Chomhairle maidir le Poblacht San Mairíne a áireamh in EUSAIR a sheoladh, agus freagra Uachtaránacht na Portaingéile, dar dáta an 28 Meitheamh 2021 Á THABHAIRT DÁ hAIRE;

A. IS DÍOL SÁSAIMH DI an iarraidh sin agus GLACANN SÍ leis an iarraidh atá curtha chun cinn ag na tíortha sin atá rannpháirteach in EUSAIR maidir le Poblacht San Mairíne a áireamh in EUSAIR;

B. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun Poblacht San Mairíne a áireamh in EUSAIR agus Straitéis leasaithe, dá réir, a chur faoi bhráid na Comhairle.

---

[1] 13503/14.
[2] 10675/14.